Preas-Ráiteas le heisiúint láithreach 17 Meitheamh 2011.

BAINIGÍ SULT AS FÉILE EOIN LE CIALL -

GAN TINTE CNÁMH!

Eisíonn Comhairle Contae Dhún na nGall rabhadh maidir le tinte cnámh.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag tabhairt rabhaidh do theaghlaigh agus do ghnólachtaí gan ábhar dramhaíola a thabhairt dóibh siúd atá á bhailiú fá choinne oíche na dtinte cnámh agus go bhfuil sé mídhleathach dramhaíl nó bruscar a thabhairt do dhuine nach bhfuil ceadúnas bailithe dramhaíola aige.

Tá neart pobal i nDún na nGall ag déanamh réidh le tinte cnámh seantraidisiúnta a lasadh le Féile Eoin a cheiliúradh. Cé gur adhmad agus cochán a d'úsáidtí fá choinne tinte cnámh go traidisiúnta tá breis fianaise ann go bhfuil daoine áirithe ag úsáid oícheanta ar nós Féile Eoin mar dheis chun fáil réidh le bruscar agus dramhaíl go mídhleathach.

Is cion coiriúil é ábhar dramhaíola a chur ar fáil le dó i dtine chnámh. Tá sé díobhálach don timpeallacht fosta mar go bhfuil dó ábhar dramhaíola freagrach as breis agus 50% de na hastuithe dé-oscsaine in Éirinn. Is é an téarma a thugtar ar dhó dramhaíola ná Dó Cúlchlóis.

Go hiondúil, i measc na dramhaíola a dhóitear ar thinte cnámh bíonn boinn, troscán, tochtanna, páipéar, cairtchlár, teicstílí, adhmaid, bia, bearrthaí gairdín, ábhar sintéiseach ar nós plaistigh, agus fiú gloine agus miotal. Is minic a dhóitear boinn i dtinte cnamh cé go dtagann múch nimhiúil uathu, ag scaoileadh dé-ocsainí isteach san aer, ag déanamh dochair dár sláinte agus don timpeallacht. Is cion coiriúil é seo.

Tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh gur gníomh mídhleathach é dramhaíl a dhó agus go bhféadfaí an dlí a chur ort.

Críoch.

Foinse:

Suzanne Tinney,

Oifigeach Feasachta Dramhaíola,

Comhairle Contae Dhún na nGall.

Guthán: (074) 91 76276 ríomhphost: suzanne.tinney@donegalcoco.ie